Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2015**
**(OR. en)**

**14303/15**

**LIMITE**

**FISC 160**
**ECOFIN 884**

PUBLIC

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Tuarascáil don Chomhairle<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Samhain 2015, phléigh an Mheitheal um an gCód Iompair an tuarascáil ón Meitheal chuig an gComhairle.

2. Mar is iondúil, ba cheart go mbeadh an tuarascáil sin ag gabháil leis na dréacht-Conclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thíos iad:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Chomhairle an méid a leanas:

- is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht Lucsamburg mar a leagtar amach é ina tuarascáil (14302/15 FISC 159 ECOFIN 883);

- is díol sásaimh di go háirithe an comhaontú faoin treoir agus faoi na nótaí míniúcháin maidir le neamhréireachtaí i gcás eintitis hibride a bhaineann le tríú tíortha;

- iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar agus iarrann sí uirthi tús a chur lena cuid oibre faoi Phacáiste Oibre 2015 freisin;

- iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den idirphlé le Lichtinstéin maidir le prionsabail an Chóid Iompair a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa tuarascáil é;

- iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ailíniú chórais na dticbhoscaí paitinne i gcomhréir le cur chuige comhaontaithe an chumarphointe;

- iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na hÍsiltíre".

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid a leanas a dhéanamh:

- an tuarascáil (14302/15 FISC 159 ECOFIN 883) a chur chuig an gComhairle i dteannta na ndréacht-chonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thuas iad;

- a mholadh don Chomhairle an dá cheann acu a fhormheas mar ítim "A" ar a clár oibre.